| Meitheal Forbartha Cheol na hArdteistiméireachta | Meitheal Forbartha — Cruinniú 08<br>DÁTA: 22 Bealtaine 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, Miontuairiscí agus Nuashonruithe** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill na Meithle chuig an gcruinniú.<br>Glacadh leis na Miontuairiscí ón gcruinniú deireanach.<br>Thug an Feidhmeannach nuashonrú don mheitheal ar dhul chun cinn fhoilsiú na Tuarascála Comhairliúcháin ar Cháipéis Eolais agus Treoracha Thráinse 3. |
| **Struchtúr Molta** | Tugadh deis don mheitheal athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar léirithe grafacha nuadhréachtaithe den struchtúr. Rinneadh tuilleadh beachtaithe ar an ngrafaic trí aiseolas a thabhairt agus plé a dhéanamh. Ullmhóidh an Feidhmeannas struchtúr athbhreithnithe don chéad chruinniú eile. |
| **Snáitheanna foghlama: Torthaí Foghlama** | Cuireadh fáilte roimh an meitheal páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht, treoraithe ag príomhcheisteanna, bunaithe ar dhá dhréacht-snáithe. Pléadh teideal, leagan amach agus príomhfhoghlaim an tsnáithe. Thug an mheitheal aiseolas i seisiún iomlánach. Moladh eagarthóireacht agus mionleasuithe ábhair chomh maith le hábhar a chur leis agus a bhaint.<br>Rinne an mheitheal plé agus thug siad aiseolas maidir leis an tríú snáithe féideartha. |
| **Measúnú** | Tugadh cuireadh don mheitheal machnamh a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) don ábhar. Thug an mheitheal aiseolas maidir le nádúr, dearadh agus uainiú CMB féideartha. |
| **Focail scoir agus na dátaí don chéad chruinniú eile.** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill na meithle as a rannpháirtíocht sna cruinnithe go léir go dtí seo agus thréaslaigh sé leis an meitheal as an obair a bhí déanta, agus aird á tarraingt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu. Leanfaidh an Feidhmeannas air le forbairt agus dul chun cinn na sonraíochta le tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh uirthi sa chéad chruinniú eile.<br>An Chéad Chruinniú Eile: 02 Meán Fómhair 2025. |